



An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025  
(OR. en)

12895/1/25  
REV 1

RECH 391

## NÓTA CLÚDAIGH

---

Uimh. an doic. ón gCoim.: COM(2025) 497 final/2

---

Ábhar: TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN STRAITÉIS EORPACH MAIDIR LE BONNEAGAIR THAIGHDE AGUS THEICNEOLAÍOCHTA

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 497 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2025) 497 final/2



An Bhruiséil, 30.9.2025  
COM(2025) 497 final/2

This document corrects document COM(2025) 497 final of 15.09.2025.

Concerns all language versions.

Correcting clerical errors in Figure 1 on page 5 and in Figure 2 on page 9.

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,  
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA  
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**STRAITÉIS EORPACH MAIDIR LE BONNEAGAIR THAIGHDE AGUS  
THEICNEOLAÍOCHTA**

# STRAITÉIS EORPACH MAIDIR LE BONNEAGAIR THAIGHDE AGUS THEICNEOLAÍOCHTA

## 1. RÉASÚNAÍOCHT DO STRAITÉIS FHADTÉARMACH

### 1.1. Comhthéacs an bheartais

Is sócmhainn uathúil é éiceachóras bonneagar taighde agus teicneolaíochta na hEorpa den chéad scoth lena gcumasaítear dul chun cinn eolaíoch, lena spreagar nuálaíocht, lena neartaítear iomaíochas agus lena nasctar tallann thar theorainneacha. Is cúis láidir é freisin an Eoraip a roghnú chun eolaíocht cheannródaíoch a shaothrú agus chun nuálaíocht cheannródaíoch a chur ar fáil. Ach chun fanacht chun cinn, ní mór an t-éiceachóras sin a threisiú go leanúnach, agus an tráth céanna a bheith níos comhtháite agus níos inrochtana ná riamh.

Ní mór don Aontas infheistíocht mhisniúil a dhéanamh — ar scála agus de réir comhleanúnachas nach bhfacthas a leithéid roimhe seo — in acmhainneachtaí nua le haghaidh bonneagair thaighde den chéad scoth, chun seasamh na hEorpa mar cheannaire domhanda san eolaíocht agus sa nuálaíocht a chomhdhlúthú agus chun an tallann is fearr a mhealladh. I gcomhthreo leis sin, tá gá le hinfeistíocht mhéadaithe i mbonneagair theicneolaíochta a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus atá oiriúnach chun iomaíochas, athléimneacht agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a spreagadh chun taighde a aistriú ina nuálaíocht atá réidh don mhargadh. Is den rithábhacht iad chun gur féidir teicneolaíochtaí straitéiseacha nua a fhorbairt agus a chur in úsáid san Eoraip. Go sonrach, bíonn gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta agus gnólachtaí atá ag méadú ag brath go díreireach ar rochtain ar bhonneagair teicneolaíochta chun a dteicneolaíochtaí nuálacha a thástáil agus a bhailíochtú.

Leagtar amach sa straitéis Eorpach sin le haghaidh bonneagair thaighde agus theicneolaíochta fis fhadtéarmach chun an t-éiceachóras sin a leathnú agus a neartú, agus an méid a chuireann sé le todhchaí eolaíoch, theicneolaíoch agus thionsclaíoch na hEorpa a uasmhéadú.

Tá an straitéis i gcomhréir leis an arduaimhian maidir le bonneagair, a bhaineann leis an togra le haghaidh Fís Eorpach sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile de chuid an Aontais (2028–2034), chomh maith leis an togra le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas. Cuireann sé creat straitéiseach cuimsitheach ar fáil chun cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ábhartha bonneagair taighde agus teicneolaíochta a threorú.

Tacaíonn an straitéis sin le ‘cúigiú sairse’ mhargadh aonair an Aontais a bhaint amach maidir le saorchúrsaíocht taighdeoirí, eolais eolaíoch agus teicneolaíochta sa Limistéar Eorpach Taighde (LET), lena gcuirtear nuálaíocht agus dul chun cinn teicneolaíoch chun cinn. Cuideoidh sé le leas iomlán a bhaint as ról ceannasach na hEorpa mar lárionad cumhachta eolaíochta in earnálacha straitéiseacha éagsúla amhail intleacht shaorga (IS), eolaíochtaí beatha, faire na Cruinne, teicneolaíochtaí candamacha, fuinneamh comhleá, bith-theicneolaíocht, teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus in-athnuaite agus ardábhair, chomh maith leis an straitéis chun feabhas a chur ar na creatdálaí le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis san Aontas.

De réir mar a dhéanann an tAontas a dhícheall a bheith ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain san aistriú glan agus a iomaíochas agus a neamhspleáchas straitéiseach a threisiú, tá sé rithábhachtach go neartófar na hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) — agus leas iomlán á bhaint as acmhainneacht na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta chun sprioc na hEorpa 3 % den OTI a infheistiú i dtaighde agus forbairt (T&F) a bhaint amach.

Is tosca ríthábhachtacha iad bonneagair thaighde agus theicneolaíochta freisin chun bearna nuálaíochta na hEorpa le réigiúin agus tíortha eile ar fud an domhain a dhúnadh, i gcomhréir le tuarascáil Draghi agus leis an gCompás Iomaíochais — lena soláthraítear na saoráidí ina ndéantar smaointe ceannródaíoch a fhorbairt, a aibiú agus a chlaochlú ina réitigh atá réidh don mhargadh.

Trína láidreachtaí agus a gcumais chomhchoiteanna a ghiaíil, d'fhéadfadh na bonneagair sin acmhainní a chomhthiomsú, eolas a chomhroinnt, agus iarrachtaí a chomhordú ar fud éiceachóras T&N na hEorpa i gcoitinne. Ós rud é go gcomhlánaíonn bonneagair thaighde agus bonneagair theicneolaíochta a chéile, ní mór dúinn cur chuige éiceachórais níos iomlánaíche a ghlacadh maidir le forbairt a n-acmhainneachtaí, chun leas a bhaint as sineirgí ina gcuid seirbhísí agus chun rochtain d'úsáideoirí a shimpliú, i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais. Le cur chuige den sórt sin, spreagfaí barr feabhais eolaíoch i dtaighde ar thús cadhnaíochta, chothófaí nuálaíocht sa teicneolaíocht dhomhain agus dhéanfaí slabhraí luacha straitéiseacha a athbheochan. Ní mór don Eoraip na hacmhainneachtaí a sholáthar do chuideachtaí nuálacha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, chun rochtain a fháil ar shaoráidí ardfhorbartha, teicneolaíochtaí a bhailíochtú, caighdeán chomhfhreagracha a fhorbairt agus dlús a chur le hiontráil sa mhargadh. Tá cur chuige uailmhianach comhordaithe i leith bonneagar ríthábhachtach chun creatlach nuálaíochta agus slándáil eacnamaíoch na hEorpa a neartú, chun an chéad ghlúin eile de churaidh thionsclaíoch a chumhachtú, agus chun buntáiste iomaíoch inbhuanaithe a áirithiú sa rás teicneolaíochta domhanda.

Tá na cumhachtaí móra ag éirí níos dícheangailte de réir a chéile ón gcomhar idirnáisiúnta maidir le T&N. Ní mór don Eoraip a seasamh mar eiseamláir d'eolaíocht den scoth atá saor agus oscailte a dhearbhu agus a neartú, ag tógáil ar an ról ceannaireachta domhanda atá aici le fada an lá mar lárionad taighde. Le linn ollmhór tallainne de bhreis agus 2 mhilliún taighdeoir, tá an Eoraip in ann réitigh cheannródaíoch a fhorbairt do shaol na todhchaí trí infheistíocht a dhéanamh in T&F na n-earraí poiblí domhanda, i réimsí amhail an tsláinte phoiblí agus an t-athrú aeráide. Trí infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i mbonneagair thaighde agus theicneolaíochta, is féidir leis an Eoraip a cáil a dhaingniú mar chrann taca don dul chun cinn eolasbhunaithe, agus tallann dhomhanda a mhealladh chun tacú leis an tionscnamh *Roghnaigh an Eoraip*<sup>1</sup>. Trí acmhainneachtaí nua a fhorbairt, neartóidh an Eoraip a ról mar chomhpháirtí iontaofa don chomhar idirnáisiúnta, agus an tráth céanna déanfaidh sí príomhshócmhainní dá todhchaí a threisiú agus a chosaint.

## **1.2. Tírdhreach na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta Eorpach**

### **Bonneagair thaighde**

Le blianta fada anuas, tá buíon bonneagar taighde den chéad scoth san Eoraip, ó shaoráidí móra aon-láithreáin go heagraíochtaí dáilte atá ag comhoibriú ar fud na mór-roinne. Is iad is bunús le héiceachóras T&N na hEorpa. Is iad na táirgeoirí sonraí don eolaíocht iad, a ghineann agus a bhainistíonn méideanna ollmhóra sonraí iontaofa a spreagann taighde bunúsach agus atá fíorriachtanach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda amhail dul i ngleic leis an athrú aeráide, ullmhacht paindéime agus bagairtí hibrídeacha a chomhrac.

Is é príomhchuspóir na mbonneagar taighde barr feabhais eolaíoch a shaothrú trína áirithiú go mbeidh rochtain ag taighdeoirí ar threalamh úrscothach, ar shaotharlanna agus ar acmhainní digiteacha, go háirithe iad siúd a bheadh róchostasach nó róchasta d'institiúidí aonair a

---

<sup>1</sup> [Roghnaigh an Eoraip](#) : Do ghairmréim sa taighde a chur chun cinn san Aontas

fhorbairt. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, mórtrealamh nó sraith ionstraimí, bailiúcháin, cartlanna agus bonneagair sonraí eolaíocha, atá faoi úinéireacht phoiblí agus leanúnach de ghnáth.

Ó seoladh LET in 2000, bunaíodh breis agus 60 bonneagar taighde uile-Eorpach nua, ó shaoráidí mórsála amhail sioncrontróin agus léasair go hardáin dháilte sna heolaíochtaí beatha, san fhuinneamh, sa chomhshaol, agus sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí. Oibríonn go leor díobh mar Chuibhreannais don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERICanna), creat dlíthiúil uathúil le haghaidh bonneagair taighde a bhfuil ábharthacht uile-Eorpach ag baint leo.

Ó 2002 i leith, tá tírdhreach na hEorpa á rialú ag an bhFóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde (ESFRI). Is iad treochláir agus anailísí tírdhreacha ESFRI a threoraíonn an infheistíocht straitéiseach, agus tá os cionn 25 bhiliún d'infheistíocht agus níos mó ná EUR 2 bhiliún i gcostais oibriúcháin bhliantúla sa treochlár atá ann faoi láthair. Le cistiú ón Aontas le haghaidh 2021–2027, cuirtear EUR 2,4 billiún leis chun tacú le hionstraimíocht eolaíoch, rochtain agus dearadh bonneagar nua. San anailís a rinne ESFRI le déanaí, déantar an t-éiceachóras a mhapáil agus sainaithnítear bearnaí criticiúla, rud atá ina bhonn eolais níos mó de réir a chéile faoi straitéisí náisiúnta. Tá ról tábhachtach ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa freisin maidir le hacmhainneacht réigiúnach T&N a neartú trí infheistíocht i mbonneagar taighde.

Mar sin féin, de réir mar a fhasann tírdhreach na mbonneagar taighde, is mó an dúshlán a bhaineann lena chomhleanúnachas agus a inbhuanaitheacht fhadtéarmach, agus éilítear cur chuige straitéiseach fadtéarmach maidir leis sin.

## Samplaí de bhonneagair thaighde



Is é CERN, an chéad bhonneagar taighde Eorpach a bunaíodh in 1954, an príomhshaotharlann ar domhan le haghaidh fisic cháithníneach, áit a gcomhoibríonn eolaithe ó níos mó ná 100 tír. Tá cáil air freisin mar áit bhreithe an Ghréasáin Dhomhanda.



Is é BBMRI-ERIC an bithbhanc samplaí daonna is mó ar domhan. Oibríonn sé i gcomhar le bonneagair thaighde mhóra eile i réimse na sláinte, amhail Euro-BioImaging ERIC agus Instruct ERIC a thacaíonn le freagairt thapa ar dhúshláin dhomhanda sláinte



Éascaíonn líonra bonneagair taighde INTERACT a chuimsíonn 90 stáisiún taighde comhar eolaíoch idirmáisiúnta sa réigiún Artach atá íogair ó thaobh straitéise de in éineacht le líonra méadaitheach saoráidí comhlántacha amhail soithí taighde bristeora oighir agus croí-stórais oighir agus dríodair.



Is teileascóp domhainfharraige é KM3NeT atá suite 3.5 km faoi bhun na Meánmhara. Úsáideann sé eagar braiteoirí optúla atá ar crochadh in sáile chun neutrinos cosmach ardhuinnimh a bhrath. In 2023, bhraith sé an neutrino ba fhuinniúla a taifeadadh riamh, cloch mhíle don fhísic bhunúsach.

Chun tuilleadh samplaí a fháil de bhonneagair uile-Eorpacha, féach: <https://ri-portfolio.esfri.eu/><sup>2</sup>

## **Bonneagair theicneolaíochta**

In éineacht le bonneagair thaighde, cuireann tírdhreach bonneagar teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn, sna réimsí sibhialta agus míleata araon, i gcrích raon saoráidí agus seirbhísí a thacaíonn le forbairt, tástáil, bailíochtú agus uas-scalú teicneolaíochta, rud a chuireann dlús le glacadh torthaí taighde sa mhargadh.

Is éard is bonneagair theicneolaíochta<sup>3</sup> ann saoráidí, trealamh, cumais agus acmhainní is gá chun teicneolaíocht a fhorbairt, a thástáil, a mhéadú agus a bhailíochtú. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, leapacha tástála, línte píolótacha, gléasraí píolótacha agus saoráidí taispeána, seomraí íonghlana, agus saotharlanna beo. Is é is príomhchuspóir dóibh nuálaíochtaí teicneolaíochta a chumasú agus a luathú i dtreo glacadh sa tsochaí/sa mhargadh, rud a chuirfidh borradh faoin iomaíochas tionsclaíoch. Is é príomh-bhreisluch na mbonneagar teicneolaíochta ligean do chuideachtaí an riosca a bhaineann lena n-infheistíochtaí T&F&N agus nuálaíochta a

<sup>2</sup> Foinse grianghraf: 1. CERN, 2. BBMRI-ERIC, de chuid Bithbhanc Náisiúnta na Danmhairge ag institiúid Statens Serrum, 3. Líonra Interact, 4. Modúl KM3NeT, creidmheas: Paschal Coyle

<sup>3</sup> Ar tugadh tuairisc air roimhe seo sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ([SWD 2019/158](#))

laghdú roimh thabhairt isteach an mhargaidh agus smaointe agus coincheapa a thástáil agus a bhailíochtú le haghaidh glacadh níos tapúla ar scála tráchtála.

### Samplaí de bhonneagair theicneolaíochta



Is trí sheomraí glana úrscothacha iad seomraí glana Imec (FAB1, FAB2 agus FAB3) le trealamh teicneolaíochta nanai- agus leathsheoltóra den chéad scoth lena spreagar comhoibriú le ceannairí tionsclaíochta domhanda (e.g. ASML) agus lena dtacaítear le héiceachóras bríomhar do ghnólachtaí nuathionscanta.



Comhcheanglaíonn Láirionad Píolótach VTT Bioruukki um tháirgí bithbhunaithe agus um an ngeilleagar ciorclach roinnt saoráidí agus seirbhísí le haghaidh teicneolaíochtaí ábhair agus ceimiceacha, rud a fhágann gur féidir forbairt, méadú agus taisealbhadh a dhéanamh.



Is coimpléasc saoráidí í Saotharlann TNO Solar, lena n-áirítear spás saotharlainne úrscothach agus línte táirgthe píolótacha, lena gcumasaítear aibiú teicneolaíochta fótavoltach gréine, uas-scálú, fréamhshamhaltú, agus bailíochtú. Comhoibríonn an tSaotharlann le hearnáil na tionsclaíochta móire, le FBManna agus le gnólachtaí nuathionscanta araon, chomh maith le húdarais phoiblí, mar shampla, chun tástáil a dhéanamh ar chorprú grianchéall i ndromchlaí bóthair agus i mbacainní torainn.




Oibríonn ASTAZERO rianta tástála agus forais chruthaitheacha, lena n-áirítear an rian faoi dhion is faide ar domhan, DryZone, lena dtacaítear le forbairt agus bailíochtú teicneolaíochtaí mótarfheithiclí agus córais iompair, ó chéim luath an choincheapa go dtí fíorú agus obair leantach ar fheidhmíocht an táirge. I measc na gcomhoibrithe tá tionscal mór (e.g. Volvo Cars, Ericsson) agus raon leathan FBManna.<sup>4</sup>

Tá flúirse bonneagar teicneolaíochta ar fud an Aontais, i réimsí na sibhialtach agus na cosanta araon. Mar sin féin, feidhmíonn siad go príomha ar leibhéal na n-éiceachórais áitiúil. Tá an tírdhreach ilroinnte agus tá easpa comhordaithe ann, agus is beag comhoibriú atá ann ar an leibhéal trasréigiúnach nó trasnáisiúnta. De ghnáth, ní bhíonn a seirbhísí turgnamhaíochta, tástála agus bailíochtaithe ar eolas agus níl rochtain orthu lasmuigh dá n-éiceachórais áitiúla nó réigiúnacha. Cuireann an ilroinnt sin cosc ar thaighdeoirí, nuálaithe agus lucht tionscail san

<sup>4</sup> Foinsí griangraif: 1. Imec, 2. VTT, 3. TNO, 4. RISE.

Eoraip rochtain a bheith acu ar raon cuimsitheach saoráidí den chéad scoth agus ar sheirbhísí saincheaptha chun tacú le sármhaitheas eolaíochta agus teicneolaíochta.

Léiríonn na cleachtaí mapála a rinneadh le blianta beaga anuas comhchruinniú ard bonneagar teicneolaíochta i gcodanna sonracha den Aontas. Mar shampla, níl os cionn 50 % de na bonneagair theicneolaíochta i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus in-athnuaite á n-óstáil ach i gceithre thír (an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc agus an Ísiltír).



**Fíor 1: Dáileadh bonneagar teicneolaíochta i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus in-athnuaite de réir réigiún NUTS-2, Foinse: [Mapáil na mBonneagar Teicneolaíochta a thacaíonn le tionscail fuinnimh ghlain agus in-athnuaite san Eoraip \(2024\)](#)**

Tá an dáileadh míchothrom sin níos feiceálaí agus saoráidí á mbreithniú a dteastaíonn infheistíocht tosaigh nach beag ina leith. Mar shampla, níl an ceathrú cuid de sheomraí glana an Aontais lonnaithe ach i gcúig réigiún<sup>5</sup>. An tráth céanna, tá comhghaol an-ard ann idir suíomh na mbonneagar teicneolaíochta agus suíomh na gcuideachtaí atá gníomhach sna teicneolaíochtaí céanna. Léiríonn sé sin an tábhacht a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí bonneagair le haghaidh gníomhaíocht thionsclaíoch in earnálacha atá dian ar theicneolaíocht.

### 1.3. Dúshlán agus an gá atá le gníomhaíocht

Ach de réir mar a chuireann iomaitheoirí domhanda borradh faoin infheistíocht i saoráidí mórsála, ní mór don Eoraip gníomhú go cinntitheach. Tá an straitéis Eorpach athnuaite seo maidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta ríthábhachtach chun fanacht chun cinn.

Tá bonneagair thaighde agus theicneolaíochta ríthábhachtach chun dul i ngleic le ceisteanna casta idirdhisciplíneacha eolaíochta agus chun leas a bhaint as acmhainneacht na **dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** amhail ardábhair, an bhith-theicneolaíocht agus an intleacht shaorga. Ní mór dóibh freastal freisin ar **raon níos leithne úsáideoirí**— fiontair

<sup>5</sup> Comunidad de Madrid (ES), Rhône-Alpes (FR), Etelä-Suomi (FI), Limburg (NL) agus Noord-Brabant (NL).

bheaga agus mheánmhéide (FBManna) nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis, agus pobail taighde éagsúla.

Mar sin féin, tá cumas na hEorpa éiceachóras bonneagair láidir a thógáil á choinneáil siar:

- **Beartais agus cistiú ilroinnte ar fud an Aontais:** Cé go mbaineann bonneagair thaighde tairbhe as pleanáil straitéiseach trí ESFRI, níl cur chuige comhleanúnach AE i leith infheistíochta ag bonneagair theicneolaíochta. Tá srianta buiséid, cistiú scaipthe, agus infheistíocht phríobháideach teoranta ag cur moill ar an dul chun cinn.
- **Comhar teoranta ar fud na mbonneagar:** Tá tearcúsáid á baint fós as sineirgí trasearnála agus trasteorann, rud a fhágann go gcuirtear srian le rochtain, go gcailltear deiseanna agus go dtreisítear éagothromaíochtaí réigiúnacha.
- **Deiseanna rochtana neamhleora agus nósanna imeachta casta rochtana:** Cuireann nósanna imeachta casta, costais arda, agus droch-infheictheacht teorainn le hinrochtaineacht do thaighdeoirí agus do chuideachtaí. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás gnólachtaí nuathionscanta mar a luaitear sa Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú.
- **Bearnaí scileanna:** Éilíonn athrú tapa teicneolaíoch agus bonn úsáideoirí atá ag éirí níos éagsúla uas-sciliú leanúnach chun bonneagair a choinneáil ar thús cadhnaíochta, chun a áirithiú go bhfuil siad tarraingteach don tallann is fearr agus chun eispéireas a gcomhpháirtithe a shaibhriú
- **Acmhainneacht neamhshaothraithe an digitithe agus ghlacadh na hintleachta saorga:** tá gá le digitiú, comhroinnt sonraí agus úsáid IS i mbonneagair a mhéadú chun a bhfeidhmiúlacht agus a n-athléimneacht a neartú agus chun costais oibriúcháin agus rochtana a laghdú.
- **Bac curtha ar athúsáid sonraí le haghaidh taighde:** Tá méadú as cuimse ag teacht ar mhéideanna sonraí taighde, go háirithe i réimsí ina bhfuil comhtháthú domhain IS, rud atá ag sárú ár gcumais é a úsáid. Tá sé rithabhachtach na méideanna méadaitheacha sonraí sin a stóráil agus a bhainistiú go héifeachtúil agus go slán,<sup>6</sup> bunaithe ar phrionsabail FAIR.

#### 1.4. Cuspóirí na Straitéise

Is é cuspóir uileghabhálach na straitéise a **áirithiú go mbeidh saoráidí ceannródaíocha, sonraí ardcháilíochta agus seirbhísí saincheaptha**, a bheidh inrochtana go héasca agus lena spreagfar barr feabhais eolaíoch agus teicneolaíoch, iomaíochas tionsclaíoch agus folláine daoine, **ar fáil d'eolaithe, do thaighdeoirí, do nuálaithe, d'aireagóirí agus d'earnáil na tionsclaíochta san Eoraip**. Is éard atá i gceist leis sin:

- (1) **éiceachóras Eorpach na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta a neartú** trí chur chuige iomlánaíoch maidir le **fothú acmhainneachta agus infheistíochtaí a shlógadh**, feabhas a chur ar **ailíniú riachtanas úsáideoirí agus na saoráidí agus na seirbhísí atá ar fáil**, agus ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais á áirithiú an tráth céanna.
- (2) **inrochtaineacht na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta a neartú mar chontanam de sheirbhísí comhlántacha** do thaighdeoirí agus do chuideachtaí nuálacha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, ar fud an Aontais, chun tacú le fionnachtana eolaíocha agus chun borradh a chur faoi fhorbairt,

---

<sup>6</sup> Seasann FAIR do shonraí atá inaimsihte, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte (Wilkinson, M., Dumontier, M., Aalbersberg, I. *et al.* *The FAIR Guiding Principles for scientific data management and stewardship* [Prionsabail FAIR maidir le bainistíocht agus maoirseacht sonraí eolaíocha.] *Sci Data* **3**, 160018 (2016).)

tástáil agus bailíochtú teicneolaíochta, agus dlús á chur lena n-ullmhacht don tsochaí agus don mhargadh,

- (3) **tallann a mhealladh agus a shaothrú san Eoraip trí** chonairí gairme láidre i mbonneagair thaighde agus theicneolaíochta, ó theicneoirí go ceannairí eolaíochta, scileanna agus inniúlachtaí nua a fhorbairt, tairbhe a bhaint as *Roghnaigh an Eoraip i gcoitinne*,
- (4) **an creat rialachais le haghaidh bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a fheabhsú agus a shimpliú** chun tacú le cinní infheistíochta fadtarmaí agus ailíniú tosaíochtaí a chur chun cinn i measc Bhallstáit agus gheallsealbhóirí an Aontais, comhordú a neartú ar fud na bhfoinsí cistiúcháin agus tionchar na hinfeistíochta poiblí a mhéadú.
- (5) **gné idirnáisiúnta agus athléimneacht** na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta a fheabhsú trí chomhar le comhpháirtithe straitéiseacha a thugann aghaidh ar dhúshláin shochoaíochta dhomhanda, trí fheabhas a chur ar chomhtháthú tíortha is iarrthóirí agus tíortha comhlachaithe<sup>7</sup> in LET, agus an tráth céanna tacú le bainistiú rioscaí, go háirithe maidir le rochtain ar shonraí agus ar shaoráidí criticiúla, lena gcothaítear ceannasacht an Aontais i dteicneolaíochtaí criticiúla.

## 2. ACMHAINNEACHTAÍ BONNEAGAR TAIGHDE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA EORPACH A MHÉADÚ AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ A SHLÓGADH

### *Acmhainneachtaí a mhéadú - áiseanna den chéad scoth a chinntiú san Eoraip*

I dtuarascáil Draghi maidir le ‘Todhchaí iomaíochas an Aontais’ agus sa tuarascáil ‘Ailign, Act Accelerate’ [Dlús a chur leis an nGníomh] ó Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir leis an Meastóireacht Eatramhach ar Fhís Eorpach, iarrtar go méadófaí go mór na hinfeistíochtaí in acmhainneachtaí bonneagar taighde agus teicneolaíochta mar chnámh droma iomaíochas an Aontais.

Go háirithe, ní mór don Eoraip infheistíocht mhór a dhéanamh in uasghrádú agus i dtógáil bonneagar taighde ceannródaíoch chun ceannaireacht dhomhanda san eolaíocht cheannródaíoch a áirithiú agus chun forbairt theicneolaíoch cheannródaíoch a chumasú. Tá na saoráidí sin ag éirí níos casta agus níos costasáí. Tá scála an mhaoinithe is gá thar an méid is féidir le haon tír aonair a bhainistiú ina haonar, agus tá an baol ann go bhfágfaidh luas reatha na cinnteoireachta le haghaidh infheistíochtaí uile-Eorpacha an Eoraip chun deiridh ar iomaitheoirí domhanda. Tá gá le hinfeistíocht straitéiseach ar mhórsála chun na bonneagair cheannródaíochta sin a bhunú agus a chothabháil, lena n-áiritheofar go mbeidh an Eoraip<sup>8</sup> fós ar an réigiún is tábhachtaí le haghaidh ‘Mór-Eolaíocht’, atá mar bhonn agus mar thaca ag an nuálaíocht na teicneolaíochta doimhne.

Teastaíonn forbairt leanúnach teicneolaíochta ó bhonneagair thaighde chun trealamh a uasghrádú, chun seirbhísí a fheabhsú, agus chun freastal ar riachtanais athraitheacha úsáideoirí T&N. Tá comhchruthú leis an tionscal rithábhachtach chun na hacmhainneachtaí sin a fhorbairt agus a chothabháil. Mar a léiríodh i dtuarascáil ESFRI maidir le dúshláin fuinnimh agus

---

<sup>7</sup>I gcomhréir lena gcomhaontuithe comhlachais uileghabhálacha faoi seach. Is é comhlachas le Fís Eorpach an cineál comhair is dlúithe le tíortha nach bhfuil san Aontas, lena gceadaítear d’eintitis dhlítheanacha ó thír chomhlachaithe páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cláir ar théarmaí comhionanna (cearta agus oibleagáidí) mar eintitis i mBallstáit an Aontais faoi [Airteagal 16 den Rialachán maidir le Fís Eorpach](#)

<sup>8</sup> Lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí san Aontas.

soláthair<sup>9</sup>, éilíonn athléimneacht agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna glasú gearrthéarmach agus infheistíocht fhadtéarmach in uasghráduithe teicneolaíochta.

Ós rud é gur gá bearna nuálaíochta an Aontais lena phríomhiomaitheoirí domhanda a dhúnadh, tá gá le gníomhaíocht ghasta chun riachtanais chuideachtaí nuálacha an Aontais nach bhfuiltear ag freastal orthu le haghaidh seirbhísí bonneagar taighde agus teicneolaíochta in earnálacha straitéiseacha tionsclaíoch agus i réimsí teicneolaíochta a shainaitheint. Trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin, neartófar forbairt teicneolaíochtaí nua i réimsí leasa straitéisigh an Aontais, rud a thacóidh le cuspóirí aeráide agus iomaíochais, cumais chosanta agus slándáil shibhialta na saoránach.

Tá sé fíor-riachtanach borradh a chur faoi acmhainneachtaí na mbonneagar teicneolaíochta Eorpach chun teicneolaíochtaí criticiúla a fhorbairt amhail ardábhair, leathsheoltóirí, bith-theicneolaíocht agus teicneolaíochtaí candamacha, ach tá sé fíor-riachtanach freisin maidir le fuinneamh, sláinte, iompar, nascacht agus líonraí, méadreolaíocht, talmhaíocht agus spás nó cosaint, chomh maith leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach. Sna réimsí straitéiseacha sin, bhainfeadh an tAontas tairbhe as measúnú comhordaithe ar na saoráidí agus na seirbhísí atá ar fáil, as a n-iomaíochas sa tírdhreach domhanda, agus as riachtanais agus bearnaí a shainaitheint i gcomhthéacs thosaíochtaí beartais an Aontais. Dá mbunófaí critéir láidre chun na bonneagair a shainaitheint ar féidir leo tacú le cuideachtaí lasmuigh dá n-éiceachórais áitiúla, d'fhéadfaí tosaíochtaí coiteanna Eorpacha a shainaitheint agus treochláir infheistíochta chomhpháirteacha a fhorbairt. Tá gá leo sin chun cistiú a shlógadh agus a chur chun cinn ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

Chun aghaidh a thabhairt ar ilroinnt na seirbhísí bonneagair teicneolaíochta ar fud an Aontais, tá gá le comhar méadaithe idir eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, ollscoileanna agus oibreoirí bonneagair eile chun tairiscintí seirbhíse comhpháirteacha a fhorbairt a bheidh dírithe ar chuideachtaí nuálacha ar fud an Aontais. Ba cheart naisc níos láidre a shaothrú freisin idir bonneagair theicneolaíochta agus bonneagair arna n-oibriú ag an tionscal<sup>10</sup> chomh maith le naisc le spásanna turgnamhacha eile amhail boscaí gainimh rialála agus saotharlanna beo.

### **Infheistíochtaí a shlógadh**


Tá gá le hinfeistíocht mhór chun bonneagair thaighde a fhorbairt agus a chothú mar shócmhainní straitéiseacha le haghaidh barr feabhais eolaíoch agus iomaíochas tionsclaíoch, mar a leagtar amach sa [Chomhshocrú um T&N san Eoraip](#). Mar sin féin, tá seasamh domhanda na hEorpa á lagú ag cinnteoireacht mhall maidir le hinfeistíochtaí bonneagair taighde uile-Eorpacha. Ba cheart ról níos láidre a bheith ag an Aontas maidir le tacú le bonneagair cheannródaíoch, in éineacht leis na Ballstáit agus le comhlachtaí cistiúcháin eile. Tá sé ríthábhachtach cistiú an Aontais, cistiú náisiúnta agus cistiú réigiúnach a ailíniú ar bhealach níos dlúithe — ag tógáil ar an treoir agus ar na dea-chleachtais atá ann cheana.

Le treochlár ESFRI agus creat ERIC, cumasaítear infheistíochtaí comhpháirteacha, ach tá dúshlán fós ann: ní aithnítear ERICanna dáilte go hiomlán i gcórais cistiúcháin náisiúnta, agus tá rannpháirtíocht comhpháirtithe idirnáisiúnta teoranta. Cuireann na saincheisteanna sin cosc ar acmhainneacht iomlán ERICanna a bhaint amach.

<sup>9</sup> <https://www.esfri.eu/ESFRI-Report-Energy-and-Supply-Challenges-ri>

<sup>10</sup> Chun idirdhealú a dhéanamh idir bonneagair theicneolaíochta agus iad siúd atá á n-oibriú ag an tionscal féach an Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *Towards a European policy for technology infrastructures — Building bridges to competitiveness [I dtreo beartas Eorpach le haghaidh bonneagair theicneolaíochta — Droichid a thógáil i dtreo an iomaíochais]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, <https://data.europa.eu/doi/10.2777/0876395>

Cuirtear i dtábhacht i dtuarascáil ESFRI maidir le cistiú<sup>11</sup> bearnaí i rianú sruthanna cistiúcháin agus i ngabháil an chostais iomláin a bhaineann le saolréanna bonneagair taighde – ó thógáil agus oibriú go huasghráduithe agus riachtanais atá ag teacht chun cinn. Tá dúshlán mhaoinithe ar leith le sárú ag bonneagair dháilte. Rannchuidíonn go leor acu freisin le tosaíochtaí níos leithne de chuid an Aontais – amhail sonraí a chur isteach in Copernicus – ach bíonn siad ag brath go hiomlán ar chistiú T&N, rud a chuireann a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach i mbaol. Ba cheart na ranníocaíochtaí sin a léiriú i gcistiú ábhartha chlár an Aontais.




Léirítear i **bhFíor 2** tiomantas na rialtas náisiúnta tacú le bonneagair thaighde ar Threochlár ESFRI, agus suíomh na mórbonneagar taighde Eorpach á léiriú an tráth céanna. Foinse: ginte ag údair bunaithe ar shonraí ESFRI

Rinneadh infheistíochtaí nach beag san Aontas le blianta beaga anuas i mbonneagair theicneolaíochta. Mar sin féin, léirítear i [staidéir](#) a rinneadh le déanaí go bhfuil an tírdhreach cistiúcháin atá ann faoi láthair le haghaidh infheistíochtaí den sórt sin ilroinnte agus nach bhfuil fis choiteann ná comhleanúnachas coiteann ann, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Tá bearna mhór chistiúcháin ann freisin i ndáil le riachtanais infheistíochta, agus is minic a bhíonn samhlacha cistiúcháin casta agus neamhiontaofa. I staidéar a rinneadh le déanaí<sup>12</sup> maidir le riachtanais chistiúcháin le haghaidh bonneagar teicneolaíochta san Aontas, tugtar le fios go mbeidh ar na príomheagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta Eorpacha EUR 13–16 bhilliún a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí caipitil i mbonneagair den sórt sin faoi 2030, go háirithe sa mhicrileictreonaic agus leathsheoltóirí, teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, teicneolaíochtaí candamacha, IS & sonraí, eitleonaic agus teicneolaíochtaí spáis, an

<sup>11</sup> <https://www.esfri.eu/esfri-report-funding-research-infrastructures>

<sup>12</sup> <https://www.eib.org/en/publications/20250208-unlocking-innovation-addressing-the-funding-needs-of-eu-technology-infrastructures>

geilleagar ciorclach, ardábhair, agus ardmhonaraíocht. Léirítear sa staidéar sin fás réamh-mheasta de thart ar 200 % ar an iomlán i gcomparáid leis na hinfheistíochtaí a rinneadh le 5 bliana anuas, agus rátaí i bhfad níos airde i gcás cuid de na teicneolaíochtaí is nuálaí.



**Fíor 3:** *Torthaí suirbhé ar riachtanais chistiúcháin le haghaidh bonneagair theicneolaíochta. Foinse: Technopolis Group (2025)*

Chun bearnaí coiteanna acmhainneachta a shainathint agus comhthiomsú éifeachtach acmhainní a éascú lenár féidir na hinfheistíochtaí is gá a chur chun feidhme go héifeachtúil, tá gá le comhordú agus comhoibriú láidir ó na gníomhaithe ábhartha uile mar a dhéantar, mar shampla, i gcás na gComhghnóthas EuroHPC agus na gComhghnóthas um Shliseanna. Ní mór do bheartais agus gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais ar thaobh amháin, agus straitéisí agus clár náisiúnta ar an taobh eile, oibriú le chéile chun acmhainneachtaí bonneagair teicneolaíochta a neartú agus comhleanúnachas tosaíochtaí straitéiseacha a áirithiú agus cur chun feidhme éifeachtach na n-infheistíochtaí is gá a éascú.

Braitheann infheistíochtaí caipitil faoi láthair ar chistiú poiblí agus ar acmhainní dílse na n-ósteagraíochtaí den chuid is mó. Agus tosaíochtaí don chistiú poiblí in iomaíocht lena chéile, ní mór foinsí cistiúcháin a leathnú chun freastal ar na riachtanais infheistíochta ionas go ndéanfar na creataí cistiúcháin ábhartha uile atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, idir phoiblí agus phríobháideach, a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí comhpháirteacha. Ba cheart go mbeadh ról níos láidre ag cistiú an Aontais mar chatalaíoch d’infheistíochtaí i mbonneagair ar mhaithe le leas na hEorpa lena dtugtar aghaidh ar bhearnaí straitéiseacha acmhainneachta.

Maidir le bonneagair theicneolaíochta, d’fhéadfaí a áireamh leis sin comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a bhfuil ról méadaithe acu maidir le cistiú an Aontais, ag tógáil ar thaithí na Línte Píolótacha Sliseanna agus Monarchana IS, agus úsáid na n-ionstraimí airgeadais atá ar fáil trí InvestEU agus tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta a leathnú. Ní mór comhtháthú na dtosaíochtaí infheistíochta i gcreataí comhair struchtúrtha amhail Comhpháirtíochtaí Eorpacha agus comhar trasteorann i dTionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i

gCoitinne a neartú freisin. Tá infheistíochtaí bonneagair ag éirí níos tarraingtí toisc gur féidir leo tacú le tionscnaimh lena n-áirithítear píblíne tionscadail rianúil ó thaighde agus nuálaíocht go cur in úsáid. Leagtar béim sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan ar shineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus an Ciste don Nuálaíocht mar shampla. Chun feabhas a chur ar shineirgí i measc raon níos leithne foinsí cistiúcháin le haghaidh bonneagair theicneolaíochta, tá gá le soiléireacht agus treoir iomchuí maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair. Dá mbeadh tuiscint níos fearr ann ar an mbealach is fearr chun rialacha maidir le státchabhair a chur i bhfeidhm ar fud na mBallstát, spreagfaí infheistíochtaí trasteorann agus comhpháirteacha. D'fhéadfadh an Coimisiún malartú taithí agus dea-chleachtais a éascú i measc na mBallstát trí Chomhphobal Cleachtais a bhunú agus cleachtadh foghlama frithpháirtí a eagrú.

Chun na hacmhainneachtaí bonneagair taighde agus teicneolaíochta a neartú, tá sraith tionscadal suaitheanta á n-ullmhú ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde d'fhonn deiseanna breise a chur ar fáil d'eolaithe ón saol acadúil agus ó institiúidí taighde, agus ó ghnólachtaí beaga, ón earnáil tionsclaíochta, ó ghnólachtaí nuathionscanta agus ó ghnólachtaí atá i mbun fáis, chun a nuálaíochtaí a fhorbairt agus a thástáil i leanúntas uathúil bonneagair taighde agus teicneolaíochta ag a bhfuil peirspictíocht Eorpach.

**Chun acmhainneachtaí agus infheistíochtaí i mbonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha a mhéadú, oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

1. **Critéir a fhorbairt chun bonneagair theicneolaíochta a bhfuil leas Eorpach ag baint leo** a shainaithint, i sineirgíocht le treochlár ESFRI le haghaidh bonneagair thaighde.
2. Mapáil agus measúnú a dhéanamh ar **acmhainneachtaí na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta** san Eoraip i gcomhthéacs na hiomaíochta domhanda, na dtosaíochtaí beartais agus riachtanais na n-úsáideoirí, agus **treochláir infheistíochta le haghaidh acmhainneachtaí comhpháirteacha a fhorbairt, agus réimsí tosaíochta á sainaithint** le haghaidh infheistíochtaí spriocdhírthe i leanúntas ó bhonneagair thaighde go bonneagair theicneolaíochta, lena n-áirítear i dtionscnaimh earnála ar leibhéal an Aontais.
3. **Infheistíocht a dhéanamh chun acmhainní criticiúla nua a thógáil agus a chothú** le haghaidh bonneagair thaighde agus theicneolaíochta den chéad scoth san Eoraip, faoi cheannas tosaíochtaí an Aontais, rud a éascóidh cur chun feidhme tionscnamh straitéiseach atá dírithe ar cheannaireacht dhomhanda fhadtéarmach a áirithiú.
4. **Deiseanna cistiúcháin a mhéadú** do bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta ar leibhéal an Aontais agus samhlacha sonracha cistiúcháin agus maoinithe a mholadh chun comhthiomsú níos éifeachtaí **de chistiú poiblí agus príobháideach** le haghaidh infheistíochtaí a spreagadh, as a dtiocfaidh saothrú níos fearr ar na creataí cistiúcháin atá ann cheana, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar an ngá atá le héagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú.

**Chun acmhainneachtaí bonneagair taighde uile-Eorpacha a neartú a thuilleadh, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

5. **Creat cobhsaí a sholáthar chun bonneagair thaighde den chéad scoth a chothabháil agus a uasghrádú** trí thacaíocht a chur ar fáil do **chur chun feidhme treochlár atá ann cheana agus treochláir nua** le haghaidh teicneolaíochtaí

bonneagair taighde, ag freagairt do riachtanais agus do chomóntachtaí arna sainaitheint go comhpháirteach ar fud na mbonneagar taighde agus, i gcás inarb infheidhme, thar réimsí; tacú leis an **treochlár le haghaidh riachtanais teicneolaíochta nua**, agus gnéithe de dhigitiú oibríochta, caighdeánú, idir-inoibritheacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na mbonneagar taighde á gcur san áireamh.

6. Tacú le **mapáil foinsí cistiúcháin bonneagair taighde** ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais agus **sineirgía** chur chun cinn i measc ionstraimí cistiúcháin comhlántacha trí dhea-chleachtas agus treoir iomchuí a chur chun cinn; i gcás inarb infheidhme, féachaint an bhféadfaí coinníollacha agus rialacha **ionstraimí cistiúcháin an Aontais** a choigeartú le haghaidh cistiú comhcheangailte agus comhlántach, go háirithe le haghaidh bonneagair taighde a mheastar a bheith **ina mbonneagair fhíor-riachtanacha** do chlár oibríochtúla nó imscartha an Aontais.
7. **Athbhreithniú ar Rialachán ERIC** a mholadh maidir le gnéithe sonracha nach féidir aghaidh a thabhairt orthu le Treoirlínte Praiticiúla athbhreithnithe amhail rannpháirtíocht comhpháirtithe idirnáisiúnta a éascú, an creat dlíthiúil sin a chur chun cinn mar mheán iontaofa le haghaidh infheistíochtaí comhpháirteacha.

**Chun seirbhísí bhonneagar teicneolaíochta na hEorpa a fheabhsú agus a bharrfheabhsú, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

8. Tacú le bearta lena n-éascaítear **comhar trasnáisiúnta agus illáithreáin i measc bonneagair theicneolaíochta agus iad a chur chun feidhme**, tairiscintí seirbhíse comhordaithe a fhorbairt i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear le haghaidh cosanta, agus a n-infheictheacht agus a nglacadh a chur chun cinn.

### **Acmhainneacht na digiteála agus na hintleachta saorga i mbonneagair na hEorpa a uasmhéadú**

Ní hamháin go bhfuil athrú ó bhonn á dhéanamh ag an digitiú ar an gcaoi a ndéantar taighde; tá bonneagair á n-athrú ó bhonn aige freisin. Gineann bonneagair taighde méideanna ollmhóra sonraí taighde iontaofa. Tá bainistiú, athúsáid agus comhroinnt éifeachtúil na sonraí sin ríthábhachtach chun a luach a uasmhéadú chun dul chun cinn eolaíoch a spreagadh, chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus chun an nuálaíocht agus an intleacht shaorga a spreagadh.

Tá an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC), Spás Sonraí na hEorpa le haghaidh T&N, ag forbairt cónaidhm de stórtha sonraí agus seirbhísí digiteacha bonneagar taighde agus soláthraithe seirbhíse eolaíche eile chun ardán iontaofa a sholáthar do thaighdeoirí agus do nuálaithe chun sonraí, uirlisí agus seirbhísí taighde FAIR ar ardchaighdeán a chomhroinnt agus a athúsáid thar dhisciplíní agus teorainneacha san Eoraip.

Le táirgeadh sonraí ardoirte agus ardluacha agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha núíosacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, i soláthar seirbhíse, is féidir éifeachtúlacht agus inrochtaineacht bonneagar a mhéadú go mór agus a gcostais oibríochtúla a laghdú agus slándáil agus rúndacht a neartú an tráth céanna. Áirítear freisin samhaltú ríomhaireachtúil, leathchúplaí digiteacha agus réaltacht fhíorúil/sínte san áireamh i gcumais dhigiteacha na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta a fhorbairt.

Is féidir ról tábhachtach a bheith ag bonneagair taighde agus theicneolaíochta freisin chun spriocanna na Straitéise Eorpaí maidir leis an Intleacht Shaorga a bhaint amach san Eolaíocht agus san Acmhainn le haghaidh Eolaíocht IS san Eoraip (RAISE) a rannchuidíonn le comhthiomsú acmhainní, sonraí agus acmhainneachta ríomhaireachta chun dlús a chur le húsáid fhreagrach IS san eolaíocht.

Thairis sin, fiosrófar saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht catagóirí áirithe sonraí chun críocha T&N i gcomhthéacs Ghníomh LET atá ar na bacáin.


**Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun an méid seo a leanas:**

9. **Cónaidhm EOSC a chothú agus a fheabhsú** mar spás sonraí taighde agus nuálaíochta na hEorpa, lena gcumasaítear comhroinnt agus athúsáid sonraí taighde, torthaí eolaíochta agus seirbhísí digiteacha ardcháilíochta FAIR.
10. Tacú le **comhlíonadh phrionsabail FAIR**, táirgiúlacht sonraí FAIR a mhéadú, agus naisc le EOSC agus le spásanna sonraí ábhartha eile.
11. Tacú le comhthiomsú agus forbairt **sonraí taighde atá réidh don intleacht shaorga** chomh maith le huirlisí agus seirbhísí lena gcumasaítear forbairt samhlacha eolaíochta intleachta saorga, agus a bhfeidhmchláir theicneolaíochta, lena gcuirtear dlús le húsáid IS san eolaíocht agus, tríd an méid sin, lena rannchuidítear le céim phiólótach RAISE.

**3. INROCHTAINÉACHT BONNEAGAR TAIGHDE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA A NEARTÚ MAR LEANÚNTAS SEIRBHÍSÍ COMHLÁNTACHA**

Chun an ‘cúigiú saoirse’ a chur chun feidhme, ní mór dul chun cinn a dhéanamh i dtreo margadh aonair le haghaidh seirbhísí bonneagair taighde agus teicneolaíochta san Aontas. Ó thaobh úsáideoirí agus seirbhísí de, is éard atá sa dá chineál bonneagair contanam de shaoráidí agus de sheirbhísí comhlántacha, rud is gá a léiriú níos mó agus níos mó sa bheartas rochtana. Mar sin féin, forbraíodh bonneagair thaighde agus theicneolaíochta chun freastal ar riachtanais éagsúla agus, dá bhrí sin, ar phobail úsáideoirí príomhúla éagsúla.


Tá rochtain thrasnáisiúnta ar bhonneagair thaighde, bunaithe ar bharr feabhais eolaíoch, ina gné sheanbhunaithe de chreatchláir T&N an Aontais i ndiaidh a chéile. Cuireann sé ar chumas taighdeoirí saoráidí ceannródaíochta a úsáid lasmuigh dá dtíortha dúchais – bunchloch de chuid LET. Téann na scéimeanna sin chun tairbhe do thíortha nach bhfuil chomh dian ar thaighde agus, ar an gcaoi sin, cuidíonn siad leis an mbearna nuálaíochta a dhúnadh, mar a léirítear i bhFíor 4. Mar sin féin, tá an rochtain fós ilroinnte agus gearrthéarmach. Tá gá le scéimeanna níos inbhuanaithe, le hinfheictheacht níos fearr – go háirithe le haghaidh ERICanna dailte – agus le for-rochtain níos fearr ar phobail agus ar thionscal nua. Leagtar béim sna comhairliúcháin ar a thábhachtaí atá sé rochtain chianda agus fhíorúil a leathnú, agus a thábhachtaí atá sé comhbheartais rochtana agus catalóga seirbhíse idir-inoibritheacha so-úsáidte a fhorbairt. Bheadh scéim rochtana Eorpach fhadtéarmach, ilfhreastail, claochlaitheach.



*Léiritear i bhFíor 4 rochtain thrasnáisiúnta ar bhonneagair thaighde arna soláthar ag tionscadail Fís 2020 arna normalú ag líon na dtaighdeoirí i ngach tír. Foinsé: An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde, 2025*

Tá inrochtaineacht bonneagair teicneolaíochta dírithe go príomha ar ghníomhaithe tionsclaíocha, toisc go bhféachann siad le freastal ar riachtanais shonracha cuideachtaí nuálacha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis a mbíonn éiginnteachtaí rompu go minic maidir lena ndúshláin theicneolaíocha.

Is féidir bacainní móra a bheith roimh úsáideoirí tionsclaíocha, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, agus rochtain á fáil acu ar bhonneagair theicneolaíochta, amhail acmhainní airgeadais agus daonna neamhleora, neamhshiméadracht faisnéise agus bacainní cultúrtha. Is measa fós na bacainní sin agus rochtain thrasréigiúnach agus, go háirithe, rochtain thrasnáisiúnta á meas, i gcás ina dtagann saincheisteanna breise teanga, dlíthiúla agus rialála chun cinn (e.g. rialacháin allmhairiúcháin/onnmhairiúcháin le haghaidh samplaí tástála), agus tagann méadú ar chostais airgeadais rochtana de ghnáth. Is minic a chuireann sé sin cosc ar chuideachtaí beaga úsáid a bhaint as na seirbhísí bonneagair teicneolaíochta atá ar fáil dóibh, go háirithe i saoráidí atá lonnaithe i réigiúin nó i dtíortha eile.



Léirítear i **bhFíor 4** céatadán na gcuideachtaí (FBManna agus ghnólachtaí nuathionscanta ar thaobh amháin, fiontair mhóra ar an taobh eile) a fhreagraíonn do na príomhbhacainní a bhraitear a bheith acu maidir le rochtain a fháil ar bhonneagair teicneolaíochta. Bailíodh 328 bhfreagra sa suirbhé seo. Foinse: Riachtanais úsáideoirí le haghaidh bonneagair teicneolaíochta – Tuarascáil anailiseach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

Lasmuigh de na riachtanais rochtana shonracha sin, tá na sineirgí idir seirbhísí na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta fós tearcshaothraithe den chuid is mó, i réimsí áirithe, cuireann sé sin teorainn nach beag leis na tairbhí is féidir leo a thabhairt do thaighdeoirí, nuálaithe agus cuideachtaí an Aontais. Chun na sineirgí sin a bharrfheabhsú, tá deiseanna rochtana comhtháite agus marthanacha de dhíth ar thaighdeoirí agus nuálaithe, le coinníollacha agus nósanna imeachta níos comhchuibhithe, agus riachtanais á gcur san áireamh ó thaighde teorann go taighde idirdhisciplíneach agus feidhmeach.

Mar chuid den Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá ag Méadú, forbróidh an Coimisiún Cairt Rochtana d’úsáideoirí tionsclaíochta ar bhonneagair taighde agus theicneolaíochta chun rochtain éagsúil agus coinníollacha conarthacha éagsúla a shimpliú agus a chomhchuiibiú. Cuirfidh sé treoir ar fáil freisin maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair d’eagraíochtaí taighde poiblí a dheonaíonn rochtain ar bhonneagar. Glacfaidh an Coimisiún páirt i nglacadh na Cairte a chur chun cinn i measc bonneagar taighde agus teicneolaíochta chomh maith le heagraíochtaí cistiúcháin náisiúnta. Ag tógáil ar an gCairt, cuirfidh an Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht atá ar na bacáin rochtain cuideachtaí nuálacha ar bhonneagair taighde agus theicneolaíochta Eorpacha chun cinn trí bhearta reachtacha. Dá bhrí sin, laghdófar na bacainní rialála do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis, agus treiseofar sineirgí idir bonneagair a thacaíonn le barr feabhais taighde agus iomaíochas tionsclaíoch.

**Chun rochtain ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta a fheabhsú agus a shimpliú, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

12. Tacú le **scéim chomhtháite inbhuanaithe a fhorbairt le haghaidh rochtain ar bhonneagair thaighde úrscothacha** ar mhaithe le leas na hEorpa, lena gcuirfear ‘ionad ilfhreastail’ ar fáil chun rochtain a fháil orthu, agus ar phunann Eorpach aonair de sheirbhísí comhlántacha agus trasfhearainn T&N ar chun leas na hEorpa iad, lena n-áirítear **loingseoireacht seirbhísí bonneagair taighde le cúnamh IS.**
13. Scéimeanna **piólótacha rochtana ar bhonneagair theicneolaíochta a chur chun feidhme do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú,** d’fhonn cur chun feidhme amach anseo a mhéadú.
14. Scéimeanna **rochtana trasnáisiúnta a thástáil maidir le bonneagair chomhpháirteacha thaighde agus theicneolaíochta** lena dtugtar aghaidh ar réimsí tosaíochta e.g. ardábhair, fuinneamh glan, teicneolaíochtaí candamacha, IS nó sláinte agus bith-theicneolaíocht.

#### **4. TALLANN A MHEALLADH AGUS A MHÉADÚ SAN EORAIP**

Tá bonneagair thaighde agus theicneolaíochta den chéad scoth san Eoraip a mheallann na daoine is cumasaí ó gach cearn den domhan. Déanann eagraíochtaí amhail CERN, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an tSaotharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach nó Imec eolaithe, innealtóirí agus nuálaithe a thagann ó bhreis agus 100 tír éagsúil a óstáil, rud a fhágann gur ionaid barr feabhais dhomhanda iad. Agus ganntanas scileanna le sárú ag an Eoraip, tá ról lárnach ag bonneagair thaighde agus theicneolaíochta maidir le hoiliúint a chur ar shaineolaithe eolaíochta agus teicneolaíochta agus maidir leis an Eoraip a dhéanamh tarraingteach do na daoine is cumasaí ar fud an domhain sa taighde agus sa nuálaíocht. Mar thoradh air sin, is féidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta cur go mór leis an gcur chuige ‘*Roghnaigh an Eoraip*’.

Braitheann éifeachtacht na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn siad ar mheascán de shaineolas eolaíoch, teicniúil agus bainistíochta a bhfoirne. Tá iarracht nach beag déanta cheana féin maidir le hoiliúint foirne bainistíochta agus ceannaireachta i mbonneagair thaighde, lena n-áirítear trí chlár [Máistreacht Feidhmiúcháin](#) a fhaigheann tacaíocht ón Aontas a fhorbairt. Ní mór na gníomhaíochtaí sin a threisiú, lena n-áirítear le haghaidh bonneagair theicneolaíochta, d’fhonn an fhoireann scileanna bainistíochta agus fiontraíochta a neartú lena gcumasófar tacaíocht níos fearr d’úsáideoirí nua, go háirithe úsáideoirí nach saineolaithe iad agus úsáideoirí ón tionscal, ó FBManna, ó ghnólachtaí nuathionscanta agus ó ghnólachtaí atá i mbun fáis, agus athléimneacht na mbonneagar a mhéadú.

Thairis sin, de réir mar a éiríonn taighde agus slándáil eacnamaíoch níos criticiúla, agus de réir mar a éiríonn forbairtí teicneolaíochta níos tapúla, tá gá le hoiliúint leanúnach foirne teicniúla, le tacaíocht ó mhalartuithe foirne, chun stóinseacht na n-uirlisí agus na seirbhísí a fhorbraíonn siad a áirithiú. I gcás inarb ábhartha, ba cheart leas breise a bhaint as deiseanna ó Acadaimh Scileanna an Aontais Eorpaigh agus ó Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie. Ar deireadh,

ba cheart foireann bonneagair taighde agus teicneolaíochta, úsáideoirí agus aschuir a chur chun cinn i measúnú taighde agus taighdeora.

**Déanfaidh an Coimisiún:**

15. Straitéisí maidir le bonneagair taighde agus teicneolaíochta a fhorbairt chun **tallann a mhealladh ó lasmuigh den Eoraip**, i gcomhréir leis an [\*gcur chuige 'Roghnaigh an Eoraip'\*](#).
16. Tacú le **hoiliúint foirne bonneagair taighde agus bonneagair teicneolaíochta**, agus aitheantas a rannchuidithe éagsúla i measúnú taighde á chur chun cinn an tráth céanna: (i) oiliúint foirne **bainistíochta agus ceannaireachta a ghairmiúlú**, (ii) scileanna agus próifílí gairme na **foirne teicniúla** a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn amhail slándáil taighde, bainistiú sonraí, dearbhú cáilíochta, etc., (iii) scileanna fiontraíochta a chur chun cinn chun **acmhainneacht na mbonneagar a ghabháil mar lárionaid in éiceachórais nuálaíochta na teicneolaíochta doimhne, agus (iv) sásraí a bhunú le haghaidh malartuithe foirne idir bonneagair agus eagraíochtaí a oibríonn in éiceachórais nuálaíochta.**

**5. CREAT RIALACHAIS ÉICEACHÓRAS NA mBONNEAGAR TAIGHDE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA A FHEABHSÚ AGUS A SHIMPLIÚ**

Chun éiceachóras Eorpach na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta a neartú, rud a chuireann ar ár gcumas tosaíochtaí Eorpacha a shainaithint agus a chomhaontú, chomh maith le hinfheistíochtaí straitéiseacha a shlógadh agus a ailíniú dá réir sin, tá gá le creat rialachais iomchuí, lena stiúrtar cur chuige iomlánaíoch agus, an tráth céanna, misin éagsúla na mbonneagar taighde agus na mbonneagar teicneolaíochta faoi seach á n-aithint. Ní mór a chur san áireamh sa chreat go háirithe an gá atá le tacaíocht chobhsaí agus struchtúrach do thaighde ceannródaíoch den scoth agus do chur chuige atá dírithe níos mó ar dhúshláin maidir le hiomaíochas tionsclaíoch agus úsáid teicneolaíochtaí straitéiseacha.

Tacaíonn rialachas ESFRI ar leibhéal an Aontais le pleanáil straitéiseach do bhonneagair taighde, ar cheart é a chomhdhlúthú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí ina bhfuil an ilroinnt is mó i measc na mBallstát. Áirítear sa Treochlár ESFRI is déanaí os cionn 60 bonneagar lena mbaineann breis agus EUR 25 bhiliún d'infheistíocht, a bhfuil coinne le go leor de sna blianta amach romhainn. Leis an Anailís Tírdhreacha a ghabhann leis, tugtar forléargas mionsonraithe ar staid, ar sheirbhísí, ar thionchar agus ar ionchas amach anseo na mbonneagar taighde Eorpach. Múnlaíonn ESFRI pleanáil náisiúnta bonneagar taighde freisin, agus déanann go leor tíortha a dtreochláir a ailíniú lena mhodheolaíochtaí<sup>13</sup>. Os rud é go ndáiltear formhór na mbonneagar ESFRI, cuidíonn siad le go leor saoráidí agus seirbhísí náisiúnta a chomhtháthú agus a nascadh.

Chun tógáil ar an méid sin, tá sé d'aidhm ag an straitéis tírdhreach Eorpach na mbonneagar taighde a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú a thuilleadh, agus a rialachas a neartú, trí anailís

<sup>13</sup> Treochlár ESFRI: <https://roadmap2021.esfri.eu/>, anailís tírdhreacha ESFRI: [https://www.esfri.eu/landscape\\_analysis](https://www.esfri.eu/landscape_analysis), le haghaidh treochláir náisiúnta: <https://www.esfri.eu/national-roadmaps>

tírdhreacha agus faireachán níos straitéisí a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar thosaíochtaí Eorpacha agus ar riachtanais slándála eacnamaíche, agus chun nascadh leis an obair ar bhonneagair theicneolaíochta.

Lasmuigh de theicneolaíochtaí digiteacha sonracha amhail IS nó Leathchúpla Digiteach don Domhan, mar shampla, níl aon sásra comhordúcháin san Aontas faoi láthair chun comhar agus idirphlé maidir le bonneagair theicneolaíochta a éascú i measc na mBallstát, na n-oibreoirí agus na bpáirtithe leasmhara. Is gá creat rialachais ilghníomhaithe éifeachtach agus cuimsitheach a bhunú chun bearnaí seirbhíse atá ann cheana agus tosaíochtaí straitéiseacha nua ar leibhéal an Aontais a shainathint chun freastal ar riachtanais an tionscail agus chun infheistíochtaí comhordaithe i mbonneagar teicneolaíochta a éascú, agus cistiú poiblí agus príobháideach a ghíaráil le haghaidh uasghráduithe mórsála nó saoráidí nua. Cuirfidh sásra láidir comhordúcháin ardán ar fáil le haghaidh machnamh straitéiseach réamhbhreathnaitheach, foghlaim fhrithpháirteach, forbairt caighdeán coiteann agus faireachán ar chur chun feidhme agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí comhaontaithe. Déanfar an obair sin i gcomhar le creat na mBonneagar Taighde, lena n-áirítear ESFRI.

Ní mór tacú leis an sásra comhordúcháin ar leibhéal an Aontais le haghaidh bonneagair theicneolaíochta le straitéisí náisiúnta tiomnaithe as a dtiocfaidh tosaíocht d'infheistíochtaí agus do chláir chistiúcháin láidre.

San fhadtárma, chuideodh creat comhordúcháin éadrom uileghabhálach de chuid an Aontais le beartais maidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a ailíniú agus le sásraí infheistíochta agus cistiúcháin a chuíchóiriú, lena n-áiríteofaí sineirgí ar fud éiceachóras Eorpach iomlán na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta agus a riachtanais agus a gcuspóirí sonracha á n-urramú an tráth céanna, mar aon leis na réimsí sonracha agus na comhthéacsanna beartais ina n-oibríonn siad. Ba cheart go n-éascódh an creat sin tuilleadh cóineasaithe ar rialachas na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta. I gcomhthreo leis sin, áiritheofar comhleanúnachas le tionscnaimh Eorpacha eile, le creataí rialachais ar leith, lena soláthraítear acmhainneacht agus bonneagar, lena dtacaítear le forbairt, glacadh agus cur in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha<sup>14</sup> lena n-áirítear sa bhreis ar thaighde agus nuálaíocht.

---

<sup>14</sup> Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, acmhainneachtaí Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta, Saoráidí Tástála & Turgnamhaíochta IS, chomh maith le Monarchana IS agus Gigeamhonarchana mar a chuirtear i láthair sa Phlean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga.

**Chun an creat rialachais le haghaidh bonneagair thaighde agus teicneolaíochta a neartú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

17. Creat comhordúcháin **uileghabhálach de chuid an Aontais a mholadh le haghaidh éiceachóras na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta** lena stiúrfar cur chuige iomlánaíoch atá bunaithe ar shineirgí, agus misin, cuspóirí agus comhthéacsanna beartais éagsúla na mbonneagar sin á n-aithint an tráth céanna
18. **Sásra rialachais a chur chun feidhme**, i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, lena gcuirfear creat coiteann ar fáil le haghaidh cur chuige Eorpach i leith **bonneagair theicneolaíochta**.
19. ESFRI a spreagadh chun tuilleadh plé a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha agus **athbhreithniú a dhéanamh ar a mhodheolaíocht anailíse tírdhreacha** agus ar a fhís fhadtéarmach dá réir sin. **Táscairí a mholadh chun measúnú a dhéanamh agus feasacht a mhúscailt** maidir le hábharthacht straitéiseach Phríomhghnéithe ESFRI agus ERICanna nó a seirbhísí de réir thosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch.

## **6. GNÉ IDIRNÁISIÚNTA AGUS ATHLÉIMNEACHT BONNEAGAR TAIGHDE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA EORPACH A NEARTÚ**

Ní hamháin go mbaineann tarraingteacht bonneagar taighde agus teicneolaíochta Eorpach lena sármhaitheas, ach baineann sé freisin lena ról mar mhoil chomhair dhomhanda<sup>15</sup>.

Is minic a bhíonn bonneagair thaighde Eorpacha i mbun comhoibriú idirnáisiúnta, go háirithe i réimsí móreolaíochta amhail réalteolaíocht agus fisic cháithníníeach, áit a n-éilíonn costais agus saineolas iarrachtaí comhpháirteacha – arna léiriú ag an tionscadal Square Kilometre Array (SKA) maidir le réalteolaíocht raidió. Tá comhar domhanda ríthábhachtach freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail faireachán comhshaoil, i gcás ina bhfuil luach ag baint le sonraí trí chumhdach domhanda, amhail breathnóireacht aigéin<sup>16</sup>. Feidhmíonn na bonneagair sin mar uirlisí taidhleoireachta eolaíochta, ag cothú caidreamh muiníne le réigiúin amhail Meiriceá Laidineach, an Afraic agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN). Tá an cineál taidhleoireachta eolaíochta sin trí bhonneagair thaighde níos luachmhair fós i gcás ina bhfuil an caidreamh idir comhpháirtithe deacair i réimsí eile, mar atá léirithe ag an Sioncrón d'Eolaíocht Thurgnamhach agus Fheidhmeach sa Mheánoirthear (SESAME).

Tá naisc idirnáisiúnta ag éirí níos ábhartha do bhonneagair theicneolaíochta freisin, rud a léiríonn na slabhraí soláthair domhanda do na príomhtheicneolaíochtaí a dtugann siad aghaidh orthu. Trí thacú le gníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta sa taighde agus sa teicneolaíocht, cruthaítear deiseanna freisin do thaighdeoirí agus do nuálaithe Eorpacha rochtain a fháil ar ionstraimí agus ar sheirbhísí den chéad scoth i réigiúin eile an domhain.

An tráth céanna, mar gheall ar chomhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú go tapa, tá gá le hathléimneacht éiceachóras bonneagar taighde agus teicneolaíochta Eorpach a mhéadú chun neamhspleáchas an Aontais agus a smacht ar a shócmhainní criticiúla taighde agus teicneolaíochta a áirithiú, lena n-áirítear sonraí agus acmhainní digiteacha. I gcomhréir leis an

<sup>15</sup> Chun tuilleadh sonraí a fháil, [féach an Comhar Idirnáisiúnta i ngné an Bhonneagair Taighde — an Coimisiún Eorpach](#)

<sup>16</sup> Ós rud é go rannchuidíonn bonneagair thaighde uile-Eorpacha le haidhmeanna agus cuspóirí Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=comnat:COM\\_2025\\_0281\\_FIN](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=comnat:COM_2025_0281_FIN).

Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach a glacadh in 2025<sup>17</sup>, éilítear leis sin gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí a bhaineann le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a mheastar a bheith ina mbonneagair chriticiúla do shlándáil eacnamaíoch an Aontais, do leasanna straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear i réimsí teicneolaíochta criticiúla na cosanta agus an spáis<sup>18</sup>, agus do phríomhdhúshláin shochoaíochta amhail an tsláinte dhomhanda, an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach, slándáil fuinnimh agus bia, an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, agus guaiseacha nádúrtha nó antrapaigineacha. D'fhéadfadh bagairtí den sórt sin a bheith bainteach le cumhdach geografach atá ag laghdú, le cailleanas, sceitheadh nó briseadh sonraí criticiúla, le rochtain theoranta nó chostasach ar shonraí, ar threalamh nó ar shaoráidí, agus le soláthar acmhainní agus ionstraimí. Ní mór rochtain ar bhonneagair theicneolaíochta a dhéileáil le teicneolaíochtaí criticiúla a bhainistiú go cúramach.

Is príomhghné freisin d'athléimneacht na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta é tíortha is iarrthóirí agus tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí chomh maith le tíortha comhlachaithe a chomhtháthú sa LET. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tacaíocht shonrach a thabhairt don Úcráin. Tá measúnú ar staid na mbonneagar taighde san Úcráin ar siúl faoi láthair agus cuirfear tús le measúnú ar bhonneagair theicneolaíochta go luath. Ba cheart don Aontas tacú le húdaráis na hÚcráine ina n-iarrachtaí straitéiseacha chun a gcumais T&N a fhorbairt agus a atógáil agus comhar agus líonrú le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha eile a mhéadú.

---

<sup>17</sup> [https://home-affairs.ec.europa.eu/news/commission-presents-protecteu-internal-security-strategy-2025-04-01\\_en](https://home-affairs.ec.europa.eu/news/commission-presents-protecteu-internal-security-strategy-2025-04-01_en)

<sup>18</sup> Moladh (AE) 2023/2113 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit

**Chun bonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

20. **Gné idirnáisiúnta na mbonneagar taighde uile-Eorpach** agus an ról atá acu maidir le taidhleoireacht eolaíochta a neartú, go háirithe trí chumhdach geografach a mhéadú i réimsí eolaíochta ardtosaíochta, trí chaighdeáin agus cuir chuige Eorpacha maidir le rochtain, bainistiú sonraí agus eolaíocht oscailte a chur chun cinn ar fud an domhain, trí rochtain chómhalartach le haghaidh thaighdeoirí an Aontais a chur chun cinn, trí mhalartú dea-chleachtas a éascú, agus na leibhéil iomchuí slándála/rúndachta á n-áirithiú an tráth céanna.
21. Gníomhaíochtaí a fhorbairt chun tacú leis an méid seo a leanas: (i) **bainistiú riosca, bearta maolaithe agus teagmhasacha** le haghaidh bonneagar a chur chun feidhme, (ii) infheistíochtaí a ailíniú agus a chomhordú ar fud na hEorpa ar mhaithe le **sonraí criticiúla a stóráil**, a phróiseáil agus a chomhroinnt ar bhealach iontaofa agus slán, lena n-áirítear trí EOSC, agus (iii) **creataí ceannasachta sonraí a fhorbairt** le haghaidh comhroinnt shlán éifeachtúil sonraí. Bainfidh siad sin tairbhe freisin as comhoibriú le Faireachlann an Aontais Eorpaigh um Theicneolaíochtaí Criticiúla agus le tionscnaimh ábhartha slándála taighde de chuid na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Inmheánach.
22. **Lánpháirtíú tíortha is iarrthóirí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus tíortha comhlachaithe a chur chun cinn, agus béim á leagan ar an Úcráin**, sa LET, trí thacú leis an gcomhar idir bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, agus a n-eagraíochtaí óstacha, agus trí rochtain ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha a éascú i gcás inarb iomchuí.

## 7. CONCLÚID

Is príomhshócmhainní straitéiseacha do LET iad bonneagair thaighde agus theicneolaíochta den chéad scoth na hEorpa. Tacaíonn siad le barr feabhais ó thaighde bunúsach go nuálaíocht cheannródaíoch, rud a thacaíonn le ceannasacht theicneolaíoch agus sonraí na hEorpa agus le huathriail straitéiseach.

Is é is aidhm don straitéis iomaíochas na hEorpa a mhéadú trína seasamh mar cheannaire domhanda san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht a neartú. Chun é sin a bhaint amach i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapa, ní mór don Eoraip cur chuige iomlánaíoch éiceachórais a ghlacadh maidir le dúshlán choiteanna atá os comhair bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, agus gealltanais á thabhairt an tráth céanna do ghníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar a riachtanais shonracha.

Chuirfeadh cur chun feidhme na straitéise borradh faoi acmhainneachtaí bonneagair na hEorpa trí infheistíochtaí méadaithe agus samhlacha cistiúcháin nua, forbairtí nua teicneolaíochta bonneagair, glacadh teicneolaíochtaí digiteacha agus IS, agus borradh a chur faoi scileanna. Déanfaidh sé rochtain ar sheirbhísí bonneagair a fheabhsú, a dhaingniú agus a chomhchuibhiú, neartóidh sé rialachas, agus neartóidh sé a ngné idirnáisiúnta, lena n-áirítear ceannasacht sonraí criticiúla a bhaint amach, agus sócmhainní Eorpacha á gcosaint an tráth céanna.

Tuairisceoidh an Coimisiún go rialta don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na straitéise.

## Iarscríbhinn 1. Amlíne chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme

Gníomhaíocht	Tosú
<b>Acmhainneachtaí a mhéadú agus infheistíocht a shlógadh</b>	
1. <b>Critéir a fhorbairt chun bonneagair theicneolaíochta a bhfuil leas Eorpach ag baint leo a shainaithint</b> , i sineirgíocht le treochlár ESFRI le haghaidh bonneagair thaighde	2025
2. Mapáil agus measúnú a dhéanamh ar <b>acmhainneachtaí na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta</b> san Eoraip i gcomhthéacs na hiomaíochta domhanda, na dtosaíochtaí beartais agus riachtanais na n-úsáideoirí, agus <b>treochláir infheistíochta le haghaidh acmhainneachtaí comhpháirteacha a fhorbairt, agus réimsí tosaíochta á sainaithint</b> le haghaidh infheistíochtaí spriocdhírthe i leanúntas ó bhonneagair thaighde go bonneagair theicneolaíochta, lena n-áirítear i dtionscnaimh earnála ar leibhéal an Aontais.	2026
3. <b>Infheistíocht a dhéanamh chun acmhainní criticiúla nua a thógáil agus a chothú</b> le haghaidh bonneagair thaighde agus theicneolaíochta den chéad scoth san Eoraip, faoi cheannas thosaíochtaí an Aontais, rud a éascóidh cur chun feidhme tionscnamh straitéiseach atá dírithe ar cheannaireacht dhomhanda fhadtéarmach a áirithiú.	2027
4. <b>Deiseanna cistiúcháin a mhéadú</b> do bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta ar leibhéal an Aontais agus samhlacha sonracha cistiúcháin agus maoinithe a mholadh chun comhthiomsú níos éifeachtaí <b>de chistiú poiblí agus príobháideach</b> le haghaidh infheistíochtaí a spreagadh, as a dtiocfaidh saothrú níos fearr ar na creataí cistiúcháin atá ann cheana, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar an ngá atá le héagorthromaíochtaí réigiúnacha a laghdú.	2026
5. <b>Creat cobhsaí a sholáthar chun bonneagair thaighde den chéad scoth a chothabháil agus a uasghrádú</b> trí thacaíocht a chur ar fáil do <b>chur chun feidhme treochlár atá ann cheana agus treochláir nua</b> le haghaidh teicneolaíochtaí bonneagair taighde, ag freagairt do riachtanais agus do chomóntachtaí arna sainaithint go comhpháirteach ar fud na mbonneagar taighde agus, i gcás inarb infheidhme, thar réimsí; tacú leis an <b>treochlár le haghaidh riachtanais teicneolaíochta nua</b> , agus gnéithe de dhigitíú oibríochta, caighdeánú, idir-inoibritheacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na mbonneagar taighde á gcur san áireamh	2025
6. Tacú le <b>mapáil foinsí cistiúcháin bonneagair taighde</b> ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais agus <b>sineirgía</b> chur chun cinn i measc ionstraimí cistiúcháin comhlántacha trí dhea-chleachtas agus treoir iomchuí a chur chun cinn; i gcás inarb infheidhme, féachaint an bhféadfaí coinníollacha agus rialacha <b>ionstraimí cistiúcháin an Aontais</b> a choigeartú le haghaidh cistiú comhcheangailte agus comhlántach, go háirithe le haghaidh bonneagair thaighde a mheastar a bheith <b>ina mbonneagair fhíor-riachtanacha</b> do chlár oibríochtúla nó imscartha an Aontais.	2025
7. <b>Athbhreithniú ar Rialachán ERIC</b> a mholadh maidir le gnéithe sonracha nach féidir aghaidh a thabhairt orthu le Treoirlínte Praiticiúla athbhreithnithe amhail rannpháirtíocht comhpháirtithe idirnáisiúnta a éascú, an creat dlíthiúil sin a chur chun cinn mar mheán iontaofa le haghaidh infheistíochtaí comhpháirteacha.	2026
8. Tacú le bearta lena n-éascaítear <b>comhar trasnáisiúnta agus illáithreáin i measc bonneagair theicneolaíochta agus iad a chur chun feidhme</b> , tairiscintí seirbhíse comhordaithe a fhorbairt i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear le haghaidh cosanta, agus a n-infheictheacht agus a nglacadh a chur chun cinn.	2026
<b>Acmhainneacht an digitithe agus na hintleachta saorga a uasmhéadú</b>	
9. <b>Cónaidhm EOSC a chothú agus a fheabhsú</b> mar spás sonraí taighde agus nuálaíochta na hEorpa, lena gcumasaítear combhoinnt agus athúsáid sonraí taighde, torthaí eolaíochta agus seirbhísí digiteacha ardcháilíochta FAIR.	2025

10. Tacú le <b>comhlíonadh phrionsabail FAIR</b> , táirgiúlacht sonraí FAIR a mhéadú, agus naisc le EOSC agus le spásanna sonraí ábhartha eile.	2025
11. Tacú le comhthiomsú agus forbairt <b>sonraí taighde atá réidh don intleacht shaorga</b> chomh maith le huirlisí agus seirbhísí lena gcumasaítear forbairt samhlacha eolaíochta intleachta saorga, agus a bhfeidhmchláir theicneolaíochta, lena gcuirtear dlús le húsáid IS san eolaíocht agus, tríd an méid sin, lena rannchuidítear le céim phíolótach RAISE.	2025
<b>Inrochtaineacht a neartú</b>	
12. Tacú le <b>scéim chomhtháite inbhuanaithe a fhorbairt le haghaidh rochtain ar bhonneagair thaighde úrscothacha</b> ar mhaithe le leas na hEorpa, lena gcuirfear ‘ionad ilfhreastail’ ar fáil chun rochtain a fháil orthu, agus ar phunann Eorpach aonair de sheirbhísí comhlántacha agus trasfhearainn T&N ar chun leas na hEorpa iad, lena n-áirítear <b>loingseoireacht seirbhísí bonneagair taighde le cúnamh IS</b> .	2025
13. Scéimeanna <b>píolótacha rochtana ar bhonneagair theicneolaíochta a chur chun feidhme do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú</b> , d’fhonn cur chun feidhme amach anseo a mhéadú.	2026
14. <b>Scéimeanna rochtana trasnáisiúnta a thástáil maidir le bonneagair chomhpháirteacha thaighde agus theicneolaíochta</b> lena dtugtar aghaidh ar réimsí tosaíochta e.g. ardábhair, fuinneamh glan, teicneolaíochtaí candamacha, IS nó sláinte agus bith-theicneolaíocht.	2027
<b>Tallann a mhealladh agus a mhéadú</b>	
15. Straitéisí maidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a fhorbairt chun <b>tallann a mhealladh ó lasmuigh den Eoraip</b> , i gcomhréir leis an <a href="#"><i>gcur chuige ‘Roghnaigh an Eoraip’</i></a> .	2026
16. Tacú le <b>hoiliúint foirne bonneagair taighde agus bonneagair teicneolaíochta</b> , agus aitheantas a rannchuidithe éagsúla i measúnú taighde á chur chun cinn an tráth céanna	2026
<b>An creat rialachais a fheabhsú agus a shimpliú</b>	
17. Creat comhordúcháin <b>uileghabhálach de chuid an Aontais a mholadh le haghaidh éiceachóras na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta</b> lena stiúrfar cur chuige iomlánaíoch atá bunaithe ar shineirgí, agus misin, cuspóirí agus comhthéacsanna beartais éagsúla na mbonneagar sin á n-aithint an tráth céanna.	2026
18. <b>Sásra rialachais a chur chun feidhme</b> , i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, lena gcuirfear creat coiteann ar fáil le haghaidh cur chuige Eorpach i leith <b>bonneagair theicneolaíochta</b>	2026
19. ESFRI a spreagadh chun tuilleadh plé a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus <b>athbhreithniú a dhéanamh ar a mhodheolaíocht anailise tírdhreacha</b> agus ar a fhís fhadtéarmach dá réir sin. <b>Táscairí a mholadh chun measúnú a dhéanamh agus feasacht a mhúscailt</b> maidir le hábharthacht straitéiseach Phríomhghnéithe ESFRI agus ERICanna nó a seirbhísí de réir thosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch.	2025
<b>An ghné idirnáisiúnta agus an athléimneacht a neartú</b>	
20. <b>Gné idirnáisiúnta na mbonneagar taighde uile-Eorpach</b> agus an ról atá acu maidir le taidhleoireacht eolaíochta a neartú, go háirithe trí chumhdach geografach a mhéadú i réimsí eolaíochta ardtosaíochta, trí chaighdeáin agus cuir chuige Eorpacha maidir le rochtain, bainistiú sonraí agus eolaíocht oscailte a chur chun cinn ar fud an domhain, trí rochtain chómhálartach le haghaidh thaighdeoirí an Aontais a chur chun cinn, trí mhalartú dea-chleachtas a éascú, agus na leibhéil iomchuí slándála/rúndachta á n-áirithiú an tráth céanna.	2025
21. Gníomhaíochtaí a fhorbairt chun tacú leis an méid seo a leanas: (i) <b>bainistiú riosca, bearta maolaithe agus teagmhasacha</b> le haghaidh bonneagar a chur chun feidhme, (ii) infheistíochtaí a ailíniú agus a chomhordú ar fud na hEorpa ar mhaithe le <b>sonraí criticiúla a stóráil</b> , a phróiseáil	2025

<p>agus a chomhroinnt ar bhealach iontaofa agus slán, lena n-áirítear trí EOSC, agus (iii) <b>creataí ceannasachta sonraí a fhorbairt</b> le haghaidh comhroinnt shlán éifeachtúil sonraí. Bainfidh siad sin tairbhe freisin as comhoibriú le Faireachlann an Aontais Eorpaigh um Theicneolaíochtaí Criticiúla agus le tionscnaimh ábhartha slándála taighde de chuid na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Inmheánach.</p>	
<p>22. <b>Lánpháirtíú tíortha is iarrthóirí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus tíortha comhlachaithe a chur chun cinn, agus béim á leagan ar an Úcráin</b>, sa LET, trí thacú leis an gcomhar idir bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, agus a n-eagraíochtaí óstacha, agus trí rochtain ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha a éascú i gcás inarb iomchuí.</p>	<p>2025</p>